Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0131(COD)**

**8580/22**
**ADD 2**

**JAI 555**
**MIGR 132**
**ASIM 35**
**SOC 238**
**EMPL 146**
**EDUC 140**
**IA 52**
**CODEC 573**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 655 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun dul i mbun cónaithe agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 655 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 655 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.4.2022
SWD(2022) 655 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun dul i mbun cónaithe agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (athmhúnlú)**

{COM(2022) 655 final} - {SEC(2022) 201 final} - {SWD(2022) 656 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| **Tionscnamh reachtach maidir leis an Treoir um Chead Aonair a athbhreithniú (mír CWP 2021)** |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Is iad príomhchuspóirí na Treorach um Chead Aonair nós imeachta iarratais aonair a bhunú le haghaidh comhoibre agus cead cónaithe agus sraith choiteann de chearta a ráthú do náisiúnaigh incháilithe tríú tír, bunaithe ar chóir chomhionann le náisiúnaigh an Bhallstáit a dheonaíonn an cead aonair. Mar sin féin, mar a léiríodh cheana faoin tSeiceáil Oiriúnachta ar imirce dhleathach in 2019 agus faoin tuarascáil cur chun feidhme, tá roinnt saincheisteanna atá go fóill gan réiteach fós ag baint an bonn de ghnóthú iomlán na gcuspóirí sin. Is féidir na fadhbanna is mó a sainaithníodh a ghrúpáil i dtrí réimse:<br>1) **nós imeachta iarratais atá casta agus neamhéifeachtúil** agus **cearta doiléire** lena gcuirtear fad leis na nósanna imeachta agus lena laghdaítear tarraingteacht an Aontais do náisiúnaigh tríú tír i gcásanna áirithe;<br>2) **ní chumhdaítear catagóirí áirithe imirceac**h faoi raon feidhme na Treorach ná faoi aon ionstraimí dlí eile de chuid an Aontais; tá rialacha éagsúla ann maidir le coinníollacha iontrála do dhaoine ar bheagán oiliúna agus do dhaoine meán-oilte;<br>3) **ní leor an chosaint a thugtar d'oibrithe ar dhúshaothrú**.<br><br>Tá tionchar diúltach ag easnaimh na Treorach ar fhostóirí agus ar imircigh an Aontais, rud a fhágann ualach riaracháin, tréimhsí feithimh fada, agus neamhchinnteacht maidir leis na rialacha is infheidhme.<br>Is é an **príomhchúis a sainaithníodh le haghaidh na bhfadhbanna sin teip rialála**, i.e. laigí sa chreat rialála foriomlán atá ann faoi láthair san Aontas. Le go leor de na orálacha atá sa Treoir, tugtar lamháil mhór lánrogha do na Ballstáit, rud a fhágann gur féidir rialacha éagsúla a bheith ann, rud a lagaíonn comhchuibhiú na rialacha ar leibhéal an Aontais. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta beartais an tionscnaimh:<br>(1) bainistiú éifeachtúil na himirce a áirithiú;<br>(2) iomaíochas agus fás a chothú san Aontas;<br>(3) cóir chothrom agus cosaint náisiúnach tríú tíortha a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil san Aontas a áirithiú.<br><br>Is iad seo a leanas na sainchuspóirí beartais a chomhfhreagraíonn do na fadhbanna a sainaithníodh:<br>(1) nósanna imeachta maidir le ligean isteach a shimpliú;<br>(2) éifeachtúlacht níos fearr a áirithiú maidir le nósanna imeachta iarratais;<br>(3) aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair an Aontais;<br>(4) feabhas a chur ar an gcaoi a gcaitear le náisiúnaigh tríú tír le go mbeidh sé comhionann le saoránaigh an Aontais;<br>(5) oibrithe náisiúnta tríú tíortha a chosaint ar dhúshaothrú saothair. |
| **Cad é an breisluach atá le beart ar leibhéal an Aontais?** |
| Tá gá le gníomhaíocht ón Aontas chun an nós imeachta comhchoiteann a bunaíodh leis an Treoir a fheabhsú tuilleadh. Ní dócha go gcuirfear deireadh leis na fadhbanna thuasluaite go luath toisc go mbaineann siad go díreach leis na forálacha dlíthiúla reatha atá casta, a bhíonn doiléir nó neamhiomlán uaireanta agus a thugann lamháil mhór lánrogha do na Ballstáit chun iad a chur chun feidhme, rud a fhágann gur féidir rialacha éagsúla a bheith ann. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |

Déantar meastóireacht sa mheasúnú tionchair ar **thrí rogha beartais**, le leibhéil éagsúla idirghabhála ón Aontas:

- Is é atá i gceist le **Rogha 1** cur chun feidhme na Treorach ag na Ballstáit a fheabhsú trí dhea-chleachtais a mhalartú, Lámhleabhar Ceada Aonair nó moltaí a fhorbairt, etc.
- Foráiltear le **Rogha 2** d'idirghabháil reachtach arb é is aidhm di an nós imeachta iarratais a athchóiriú chun éifeachta, agus cearta córa comhionainne a fheabhsú trí bhíthin moltaí.
- Foráiltear i **Rogha 3** d'athruithe reachtacha a bhfuil cur síos orthu i Rogha 2, cearta maidir le cóir chomhionann a fheabhsú agus raon feidhme pearsanta na Treorach a shoiléiriú, chomh maith le cosaint ar dhúshaothrú saothair a fheabhsú.

Is í **Rogha 3** an **rogha thosaíochta**, mar go dtugtar aghaidh inti ar easnaimh atá sa Treoir cheana; déantar nósanna imeachta a chuíchóiriú tuilleadh; neartaíonn sé cearta córa comhionainne, soiléirítear an raon feidhme agus feabhsaítear an chosaint i gcoinne an dúshaothraithe.

**Cé hiad na geallsealbhóirí éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Thacódh **Parlaimint na hEorpa** le gach gné de Rogha 2 agus Rogha 3 ach bheadh sí ag súil le níos mó uaillmhéine maidir le rialacha an Aontais a bhunú d'oibrithe ar bheagán oiliúna agus meán-oilte. Tá formhór mór na b**páirtithe leasmhara** a ndeachthas i gcomhairle leo (an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, saineolaithe ar imirce dhleathach) i bhfabhar na mbeart atá i Rogha 2 agus Rogha 3. Tá **Ballstáit** i bhfabhar Rogha 1 ar an iomlán toisc go bhfuil drogall ar roinnt acu athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir nó ar aon reachtaíocht nua maidir le himirce dhleathach. Leis an rogha thosaíochta, tá seans ann go dtiocfar ar chomhaontú polaitiúil toisc go bhforáiltear inti d'athbhreithniú spriocdhírithe chun éifeachtúlacht fhoriomlán na Treorach a fheabhsú agus chun náisiúnaigh tríú tír a chosaint.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad príomhbhuntáistí na rogha tosaíochta?**

Beidh an rogha thosaíochta an-éifeachtach maidir leis na cuspóirí a bhaint amach agus bainfidh sí tairbhe as dea-fhéidearthacht pholaitiúil. Déanfaidh sé raon feidhme an Chead Aonair reatha a shoiléiriú agus a leathnú beagán (i.e. go tairbhithe cosanta faoin dlí náisiúnta), chomh maith le cearta náisiúnach tríú tíortha a neartú. Ina theannta sin, dá gcuirfí tairbhithe de chosaint náisiúnta san áireamh i raon feidhme na Treorach, chuirfí feabhas ar dheimhneacht dhlíthiúil agus ar thacar feabhsaithe ceart dóibh siúd nach mbaineann leas, nó nach mbaineann ach go pointe áirithe, as cóir chomhionann faoi láthair. Le forálacha coiteanna maidir le cigireachtaí, smachtbhannaí agus faireachán ar fhostóirí, rannchuideodh sé freisin le cosaint na n-oibrithe tríú tír a chumhdaítear leis an Treoir i gcoinne an dúshaothraithe oibre a neartú.

**Cad iad príomhchostais na roghanna tosaíochta?**

Áirítear an méid seo a leanas i gcostais mheasta na rogha tosaíochta:

- Costais aonuaire ar na Ballstáit idir €2.0 milliún agus €7.0 milliún i mbliain 1,
- Costais athfhillteacha idir €100,000 agus €12.0 milliún in aghaidh na bliana.

Déantar foráil sa rogha freisin maidir le coigilteas costais:

- Idir €200,000 agus €4.0 milliún in aghaidh na bliana do na Ballstáit.
- Idir €89.0 milliún agus €546.0 milliún in aghaidh na bliana do náisiúnaigh tríú tír.
- Idir €22.0 milliún agus €101.0 milliún in aghaidh na bliana d'fhostóirí.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Táthar ag súil go mbainfidh gnólachtaí/fostóirí tairbhe as rochtain níos tapúla agus níos leithne, b'fhéidir, ar acmhainní saothair ó thríú tíortha. Dá ndéanfaí an nós imeachta a chuíchóiriú, d'fhéadfaí níos mó fostóirí a spreagadh chun oibrithe tríú tíortha a fhostú i gcás nach féidir folúntais a líonadh go háitiúil.

Ag an am céanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar ghnólachtaí agus ar fhostóirí cloí le rialacha nua maidir le cosc, cigireachtaí agus smachtbhannaí i gcoinne an dúshaothraithe oibre.

**An imreofar tionchair shuntasacha ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Táthar ag súil go ngnóthóidh údaráis náisiúnta éifeachtúlachtaí ina nósanna imeachta cur chun feidhme mar gheall ar chuíchóiriú breise a dhéanamh ar a bpróisis cé go bhféadfadh roinnt costas tosaigh a bheith i ndán dóibh agus na forálacha nua á dtabhairt isteach acu. D'fhéadfadh sé go rachadh nósanna imeachta níos éifeachtúla, cóir chomhionann níos fearr agus cosc ar dhúshaothrú chun tairbhe na mBallstát ó thaobh comhoiriúnú scileanna de agus d'fhéadfadh ganntanas lucht saothair a shásamh tríd an imirce.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

| |
|---|
| Táthar ag súil go mbainfidh **náisiúnaigh tríú tíortha** tairbhe as sruthlíniú an nós imeachta, rud a d'fhéadfadh laghduithe costais a bhaint astu. Ina theannta sin, trí fhorálacha maidir le cóir chomhionann a shoiléiriú, tríd an nasc le fostóir amháin a bhaint agus tríd an gcosaint i gcoinne an dúshaothraithe oibre a fheabhsú, meastar go laghdóidh an rogha thosaíochta an riosca dúshaothraithe i measc fostóirí.<br>Táthar ag súil go rannchuideoidh an rogha le **cearta bunúsacha** sonracha a neartú, amhail: toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe; an ceart chun maoine; neamh-idirdhealú; dálaí oibre cothroma agus córa; saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil agus slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déantar foráil in Airteagal 15 den Treoir um Chead Aonair cheana féin go ndéanfaidh an Coimisiún tuarascáil thréimhsiúil ar chur i bhfeidhm na Treorach i mBallstát agus leasuithe a mheasann sé is gá a mholadh. Beidh feidhm ag an bprionsabal sin freisin maidir leis na hathruithe a eascraíonn as an athbhreithniú ar an Treoir. |